Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair

An Chrannóg, Srath na Corcrach, Doirí Beaga, Leitir Ceanainn, Tír Chonaill
Fón: 074 95 32208 • cfgd@eircom.net • www.crannog.ie

Grád 2

Clár

Uirlisí a úsáidtear sa cheol traidisiúnta	**3-6**
Nótaí maidir le Léamh an Cheoil	**7**
Polca Chiarraí (The Kerry Polka)	**8**
Polca- Ionnsaí na hInse (The Siege of Ennis)	**8**
Polca- Réicí Mhala (Rakes of Mallow)	**9**
Polca Bhaile Deasumhan (Ballydesmond Polka) (1)	**9**
Port Kesh (Kesh Jig)	**10**
Port- Maide Draighin (Blackthorn Stick)	**10**
Port- Ar Dhroim na Bóchna (Out on the Ocean)	**11**
Port- My Darling Asleep	**11**
Cornphíopa- Boys of Blue Hill	**12**
Uí Chearbhalláin- Sí Bheag Sí Mhór	**13**
Masúrca - Ballintore Fancy	**14**
Masúrca Dhún na nGall (Donegal Mazurka)	**15**
Ríl- Damhsa na Sióg (The Fairy Dance)	**16**
Cornphíopa- Baile an Fhómhair (Harvest Home)	**17**
Cornphíopa Uí Chróinín (Cronin's Hornpipe)	**17**
Ríl- Mála Prátaí (Bag of Spuds)	**18**
Flaing- Flaing Bhaile na Muc (The Pigtown Fling)	**18**

Gaothuirlisí

An Fheadóg Stáin

Rinneadh an fheadóg stáin nó an fheadóg mhiotail a olltáirgeadh go saor i Manchain Shasana sa 19ú haois. Tá feadóga le fáil go fóill ón chomhlacht Clarke a bhfuil an chuma chéanna orthu agus a bhí ar na chéad feadóga a rinneadh.

An Fheadóg Mhór

Is uirlis ríthábhachtach sa cheol traidisiúnta í an fheadóg mhór. Seineann an mhórchuid de cheoltóirí traidisiúnta an fheadóg adhmaid. Is féidir í a sheinm le heochracha nó gan eochracha. Tá méarú den chineál céanna ag baint leis an fheadóg mhór agus atá leis an fheadóg stáin.

Na Píb Uilleann

Téann stair na bPíob Uilleann ar ais 300 bliain. B'uirlis dhúchasach de chuid na hÉireann agus Shasana í. Líonann boilg an mála le haer agus ceanglaítear an boilg le lámh an cheoltóra. Suíonn an ceoltóir nuair atá na Píb á seinm aige. Is uirlis le réim dhá ochtach í agus is féidir féin tionlacan a thabhairt. Seinntear cordaí orthu fosta.

Téaduirlisí

An Bainseó

Is é an bainseó teanóir a bhfuil ceithre shreang air, ceann de na huirlisí is coitianta i measc ceoltóirí traidisiúnta na hÉireann. Déantar é a tiúnáil de réir G,D,A,E ochtach níos ísle ná an fhidil. Ba iad na heisimircigh a d'fhill ó na Stáit Aontaithe a thug an bainseó go hÉireann ar dtús ach creidtear gurbh iad na sclábhaithe Afracach a d'fhorbair é.

An Fhidil/ Veidhlín

Is uirlis le ceithre shreag í an fhidil. Déantar í a tiúnáil de réir G,D,A,E agus seinntear le bogha í. Tá go leor stíleanna difriúla le fáil i réigiúin ar fud na tíre. Níl difear ar bith idir an fhidil agus an veidhlín ó thaobh cuma de; tá an difear le fáil i stíleanna éagsúla ceoil na gceoltóirí.

An Giotár

Seinntear an Giotár ag seisiúin cheoil go minic. Úsáidtear figín chun é a strumáil agus tugann sé tionlacan ní hamháin do cheoltóirí ach d'amhránaithe fosta.

Téaduirlisí ar lean

An Basúcaí

Tá an Basúcaí á úsáid i gceol na hÉireann ó bhí deireadh na seascaidí ann. Tá sé an-chosúil leis an siotaran, uirlis a bhí an-choitianta agus a tháinig ón Ghréig. Tá ceithre shraith de dhá shreang le fáil ar Bhasúcaí an lae inniu. De ghnáth, bíonn droim cothrom air ach thig leis a bheith ardaithe rud beag fosta. Bíonn barr an bhasúcaí cothrom nó snoite in airde cosúil le giotár nó maindilín.

An Maindilín

Is uirlis stiallógach é an maindilín. Tá ocht sreang cruach air agus seinntear é ag úsáid figín. Déantar é a tiúnáil cosúil leis an fhidil, de réir G,D,A, E.

Cnaguirlisí

An Bodhrán

Is druma le fráma é an bodhrán. Tá sé déanta de chasadhmad agus seithe gabhair. Uirlis réasúnta nua-aimseartha sa damhsa traidisiúnta é. Tugtar cipín ar an bhata a úsáidtear le é a sheinm.

Na Cnámha

Dhá phíosa de chnámh/adhmad tanaí agus cuartha atá i gceist. Coinnítear greim ar na cnámha i lámh amháin agus déantar iad a chrith go rithimiúil le cnagadh agus claicearnach a dhéanamh.

Nótaí maidir le Léamh an Cheoil

Sa leabhrán seo, tchífidh tú roinnt siombailí a úsáidtear sa cheol. Ba cheart duit aird ar leith a thabhairt do na siombailí thíos nuair atá tú i mbun cleachtaithe nó ag seinm sa rang.

Nuair a fheiceann tú 

ag tús poirt, ciallaíonn sé go bhfuil an port i ngléas ‘G’ agus go bhfuil na nótaí 'F’ uilig ‘géar’.

Nuair a fheiceann tú 

ag tús poirt, ciallaíonn sé go bhfuil an port i ngléas ‘D’ agus go bhfuil na nótaí 'F’ agus ‘C’ uilig ‘géar’.

Ciallaíonn an siombail go seinneann tú an pháirt sin den phort faoi dhó.

Nuair a fheiceann tú



Ciallaíonn sé go seinneann tú an chuid a bhfuil 1 air an chéad uair duit an pháirt sin den phort a sheinm. Téann tú ar ais leis an chéad pháirt den phort a sheinm arís ach an dara huair, déanann tú neamhaird den phíosa a bhfuil 1 air agus seineann tú an píosa a bhfuil 2 air.

Tugtar Cuarcheangal ar nó . Seinneann tú na nótaí mar nóta amháin.

Taispeánann an léaráid thíos na nótaí ar an chliath



Polca Chiarraí (The Kerry Polka)



Ionnsaí na hInse (The Siege of Ennis)



Réicí Mhala (Rakes of Mallow)



Polca Bhaile Deasumhan (Ballydesmond Polka 1)



Port Kesh (Kesh Jig)



Maide Draighin (Blackthorn Stick)



Ar Dhroim na Bóchna (Out on the Ocean)



My Darling Asleep



Boys of Blue Hill



Sí Bheag Sí Mhór



Ballintore Fancy



Masúrca Dhún na nGall (Donegal Mazurka)



Damhsa na Sióg (The Fairy Dance)



Baile an Fhómhair (Harvest Home)



Cornphíopa Uí Chróinín (Cronin's Hornpipe)



Mála Prátaí (Bag of Spuds)



Flaing Bhaile na Muc (The Pigtown Fling)